Plean Oibre r-Fhoghlama

National Centre for Technology in Education
Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

		Tosach	Cumasaithe	Muinín ó thaobh ríomh-oibre	Lánfhásta ó thaobh ríomh-oibre de
Ceannaireacht & Pleanáil	Fís	Fís á díriú go mór mór ar threalamh TFC.	Fís ríomh-fhoghlama á forbairt ag an bhfoireann ríomh-fhoghlama.	Ríomh-fhoghlaim ina cuid dhílis d'fhís na scoile uile.	Tá an fhís ríomh-fhoghlama fadréimseach agus glacann gach páirtí leasmhar páirt inti. Tá sí á tástáil go gníomhach trí eispéireas foghlama an dalta.
	Plean	Plean TFC bunúsach déanta.	Plean ríomh-fhoghlama arna fhorbairt ag an bhfoireann ríomh-fhoghlama. Tá múinteoir amháin nó dream de mhúinteoirí i gceannas ar phleanáil TFC sa scoil.	Plean cuimsitheach ríomh-fhoghlama ina chuid dhílis den phlean scoile uile. Tá an Príomh-Oide/múinteoir comhordaithe TFC/foireann ríomh-fhoghlama i gceannas ar chur chun cinn an phlean. Cuireann an fhoireann ar fad leis agus glacann an scoil uile leis. Tá múinteoir um chomhordú TFC ainmnithe ar a bhfuil dualgais agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir.	Cuireann na múinteoirí an Plean ríomh-fhoghlama i ngníomh ina gcuid oibre laethúla. Tá an fhoireann agus na daltaí ag glacadh páirte go gníomhach i gcleachtas nuálach eiseamláireach.
	Comhtháthú	Go mór mór dírithe ar threalamh TFC agus ar shealbhú bunscileanna TFC.	Díríthe go mór mór ar thacaíocht a thabhairt d'úsáid na TFC ar fud na scoile.	Dírithe go mór mór ar chomhtháthú níos cuimsithí na TFC agus ar chur chuige nua níos éifeachtaí i leith comhtháthú na TFC a chíoradh.	Dírithe go mór mór ar thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim fhéinoiriúnaithe fhéinstiúrtha agus ar í seo a éascú.
	Beartas um Úsáid Inghlactha	Beartas um Úsáid Inghlactha an Idirlín forbartha ag an scoil.	Beartas um Úsáid Inghlactha forbartha ag an scoil i ndiaidh di dul i gcomhairle le foireann, le daltaí, le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an mbord bainistíochta/ iontaobhaithe.	Beartas um Úsáid Inghlactha d'úsáid Idirlín agus TFC forbartha agus daingnithe ag an scoil i ndiaidh di dul i gcomhairle le foireann, le daltaí agus le tuismitheoirí. Tá gach páirtí leasmhar ar an eolas faoina ábhar agus cuirtear an plean i ngníomh ina iomláine.	Cuireann an Beartas um Úsáid Inghlactha úsáid nuálach teicneolaíochtaí nua san áireamh agus déanann sé éascaíocht d'fhorbairt cur chuige eiticiúil freagrach i leith úsáid na dteicneolaíochtaí seo.
	Riachtanais Speisialta Oideachais	Tá tacaíocht do TFC mar uirlis foghlama i dtaobh riachtanas speisialta oideachais ann ach níl aon chomhordú déanta uirthi.	Tá úsáid na TFC dírithe ar thacaíocht foghlama agus ar mhúineadh atá bunaithe ar acmhainní.	Tugann an scoil tacaíocht agus spreagadh d'úsáid réimse leathan acmhainní TFC agus do theicneolaíochtaí cúnta ar fud na scoile chun éascaíocht a dhéanamh, de réir Achta EPSEN, do chuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	Cuireann an scoil úsáid na TFC agus na dteicneolaíochtaí cúnta san áireamh i bhforbairt gach Plean Oideachais aonair do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus úsáideann sí TFC i ngach gné den mheasúnú ar riachtanais speisialta oideachais.
TFC sa Churaclam	Tuiscint an Mhúinteora	Tá tuiscint ghinearálta ag múinteoirí ar an tslí gur féidir le ríomh-fhoghlaim múineadh agus foghlaim a fheabhsú.	Tuigeann roinnt múinteoirí modheolaíochtaí chun TFC a chomhtháthú sa churaclam.	Tuigeann mórchuid na múinteoirí conas is féidir leas a bhaint as ríomh-fhoghlaim sa churaclam chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.	Tá a gcuid modheolaíochtaí aimsithe ag múinteoirí chun TFC a chomhtháthú sa churaclam.
	Pleanáil	Níl ach beagán pleanála i leith comhtháthú TFC déanta. Dírítear gníomhaíochtaí TFC ar shealbhú scileanna TFC na ndaltaí, m.sh. próiseáil focal.	Tá méid áirithe pleanála i leith comhtháthú TFC ann, agus dírítear go mór mór ar ullmhú an mhúinteora, múineadh an ranga uile, obair i ngrúpa agus obair an duine aonair.	Déanann múinteoirí pleanáil ar shlí struchtúrtha chun TFC a chomhtháthú ina gcuid ceachtanna agus i ngníomhaíochtí an tseomra ranga.	Cuireann an scoil am ar fáil go speisialta chun cur chuige nua a chuardach i leith úsáid na ríomh-fhoghlama chun feabhas a chur ar fhoghlaim na ndaltaí.
	Úsáid ag an Múinteoir	Úsáideann múinteoirí ríomhairí go mór mór lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí foghlama an tseomra ranga.	Baineann múinteoirí úsáid as TFC chun ceachtanna a phleanáil agus mar uirlis mhúinteoireachta.	Úsáideann múinteoirí TFC chun deiseanna foghlama a sholáthar a thacaíonn le cur chuige foghlama traschuraclaim, le cur chuige foghlama ábhar-bhunaithe agus le cur chuige foghlama tógachaíoch.	Tá TFC comhtháite ag múinteoirí ina gcuid cleachtas chun éascú a dhéanamh ar fhoghlaim neamhspleách na ndaltaí. Tá fianaise sheasmhach ann ar ghníomhaíochtaí ríomh-fhoghlama ar fud na scoile atá comhoibríoch, atá bunaithe ar fhionnachtain agus atá údarach.
	Eispéireas an Dalta	Úsáideann daltaí TFC anois is arís mar chuid den bpróiseas foghlama.	Bíonn gníomhaíochtaí ríomh-fhoghlama ag na daltaí go rialta.	Bíonn gníomhaíochtaí ríomh-fhoghlama ag na daltaí go rialta agus baineann siad úsáid as TFC chun comhoibriú i ngníomhaíochtaí curaclaim laistigh den scoil agus le scoileanna eile.	Déantar éascaíocht do dhaltaí chun úsáid a bhaint as TFC chun tacú lena gcuid foghlama agus chun í a mheas, m. sh. ábhar digiteach agus ríomh-fhillteáin tionscadail a chruthú.
	Riachtanais Speisialta Oideachais	Is léir do mhúinteoirí gur féidir le TFC deiseanna foghlama daltaí le riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú.	Díríonn múinteoirí úsáid na TFC ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	Úsáideann múinteoirí uirlisí fáthmheasacha TFC, teicneolaíochtaí cúntacha agus acmhainní TFC chun tabhairt faoi spriocanna curaclaim le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	Tá TFC comhtháite i ngach gné den teagasc agus foghlaim i dtaobh riachtanais speisialta oideachais, agus i bhforbairt clár oideachais aonair. Sníomhtar an TFC agus teicneolaíochtaí cúntacha isteach i ngach leibhéal den phleanáil scoile.
Forbairt Ghairmiúil	Feasacht agus Rannpháirtíocht an Mhúinteora	Tá forbairt ghairmiúil san TFC déanta ag roinnt múinteoirí san Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.	Tá eolas ag múinteoirí ar chláracha a chuireann an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas nó gníomhaireachtaí eile ar fáil in achar na forbartha gairmiúla sa TFC agus tá páirt glactha ag a lán acu sna cláracha sin.	Tá mórchuid na foirne tar éis leas a bhaint as deiseanna forbartha gairmiúla i dTFC don duine aonair nó don scoil uile.	Déanann múinteoirí freastal ar a gcuid riachtanas in achar na forbartha gairmiúla trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i bpobail chleachtais, i líonraithe comhghleacaithe agus i dtaighde údarásach atá bunaithe ar chleachtas.
	Pleanáil	Aithníonn daoine a chuireann suim ann a gcuid riachtanas féin i dtaobh forbartha gairmiúla san TFC.	Sainaithníonn múinteoir aonair nó foireann ríomh-fhoghlama riachtanais na mball foirne uile in achar na forbartha gairmiúla maidir le comhtháthú TFC.	Déanann an múinteoir comhordaithe TFC nó an fhoireann ríomh-fhoghlama éascaíocht chun riachtanais ríomh-fhoghlama iomlána na foirne a shainaithint. Forbraítear clár i gcomhair forbartha gairmiúla leantaí.	Tugann múinteoirí faoi fhéin-mheasúnú leantach agus faoi chleachtas machnamhach chun clár leantach forbartha gairmiúla na scoile a chur chun cinn.
	Díriú	Dírítear forbairt ghairmiúil ar shealbhú scileanna bunúsacha TFC.	Tá roinnt ball foirne ag glacadh páirte i bhForbairt Ghairmiúil Leantach de chuid an Ionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, rud a dhíríonn ar chomhtháthú na TFC sa churaclam.	Tá mórchuid na foirne tar éis tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil de chuid an Ionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas nó i bhforbairt ghairmiúil eile a dhírítear ar chomhtháthú na TFC sa churaclam.	Sainaithníonn agus dearann an scoil cláracha scoile uile in achar na forbartha gairmiúla bunaithe ar a sainriachtanais féin. Reáchtáiltear na cláracha sin sa scoil le cúnamh ón Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas agus ó ghníomhaireachtaí eile.
	Muinín an Mhúinteora	Tá scileanna bunúsacha ag múinteoirí ach níl de mhuinín acu na scileanna seo a úsáid sa seomra ranga.	Tá muinín na foirne maidir le comhtháthú na TFC sa churaclam ag fás.	Tá mórchuid na foirne muiníneach maidir le comhtháthú na TFC ina gcuid múinteoireachta gach lá.	Tá múinteoirí muiníneach agus iad ag roinnt a gcuid smaointe agus cleachtas nuálach laistigh dá scoil féin agus le scoileanna eile, leis.
	Riachtanais Speisialta Oideachais	Tá forbairt ghairmiúil ó thaobh TFC agus Riachtanais Speisialta déanta ag roinnt ball foirne, m. sh. "ICT & Special Needs - The Basics" de chuid an Ionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.	Tá forbairt ghairmiúil i dTFC agus i Riachtanais Speisialta Oideachais déanta ag na múinteoirí tacaíochta agus na múinteoirí acmhainne go léir.	Tá múinteoirí tar éis scileanna a shealbhú a chuireann ar a gcumas roinnt teicneolaíochtaí cúntacha agus teicneolaíochtaí eile a úsáid chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cuireann siad a gcuid modheolaíochtaí múinteoireachta in oiriúint chun TFC a úsáid maidir le riachtanais speisialta oideachais. Tá múinteoirí tar éis freastal ar chúrsaí forbartha gairmiúla ar shainréimsí, m. sh. uathachas.	Tá múinteoirí muiníneach agus tá siad tar éis scileanna a shealbhú chun réimse leathan teicneolaíochtaí a úsáid a chabhraíonn leo daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú.
	Foghlaim Neamhfhoirmiúil	Ní roinntear ach beagán smaointe faoi ríomh-fhoghlaim agus dea-chleachtas i measc baill na foirne.	Roinneann na baill foirne smaointe faoi ríomh-fhoghlaim agus faoi dhea-chleachtas i slí neamhfhoirmeálta.	Roineann múinteoirí smaointe nua faoi ríomh-fhoghlaim agus faoi dhea-chleachtas lena chéile, mar shampla i gcruinnithe foirne nó trí ríomhphost.	Tacaíonn an scoil le córas ina mbíonn comhghleacaithe ag foghlaim TFC óna chéile agus éascaítear é seo sa scoil. Úsáidtear timpeallacht foghlama fhíorúil agus slite eile neamhfhoirmeálta.
Cultúr na ríomhfhoghlama	Rochtain	Tá rochtain theoranta ag múinteoirí agus ag daltaí ar acmhainní ríomh-fhoghlama.	Tá teacht ag múinteoirí agus ag daltaí go rialta ar acmhainní ríomh-fhoghlama.	Bíonn acmhainní ríomh-fhoghlama ar fáil go héasca don fhoireann agus do gach dalta ar fud na scoile.	Tá acmhainní ríomh-fhoghlama ar fáil don fhoireann, do na daltaí agus don ghnáthphobal lasmuigh den am scoile.
	Fianaise ar Úsáid	Níl ach beagán fianaise sofheicthe ann ar ríomh-fhoghlaim.	Tá fianaise shoiléir ann ar úsáid ríomh-fhoghlama, m. sh. taispeántais obair tionscadail.	Tá fianaise ar ríomh-fhoghlaim le feiceáil i ngach réimse ar fud na scoile.	Scaipeann an scoil samplaí dea-chleachtais agus roinneann sí iad lasmuigh dá pobal scoile féin.
	Láithreacht ar Shuíomh Idirlín agus Arlíne	Tá láithreacht ar an ngréasán ag an scoil nó tá pleanáil ghníomhach á déanamh aici chun a leithéid a chruthú di féin, m. sh. blag nó suíomh gréasáin bunúsach.	Tá suíomh gréasáin gníomhach ag an scoil atá cothrom le dáta.	Tá ábhar ar shuíomh gréasain na scoile a d'fhorbair na múinteoirí agus na daltaí.	Baineann an scoil úsáid as Córas Bainistíochta Ábhair chun spás le haghaidh cumarsáide a chruthú inar féidir le pobal na scoile ábhar a fhoilsiú agus atá ag teacht le treoirlínte rochtana.
	Tograí	Tugann roinnt múinteoirí faoi obair thionscadail TFC atá bunaithe sa scoil.	Tá an scoil rannpháirteach i dtionscadail a bhaineann le ríomh-fhoghlaim (náisiúnta nó idirnáisiúnta nó an dá rud), m. sh. Ríomhnascadh (e-Twinning).	Tá taithí ag an scoil ar ríomh-fhoghlaim a chomhtháthú in obair idir-dhisciplíneach agus in obair thionscadail ar an mórchóir, m. sh. FíS.	Forbraíonn daltaí agus múinteoirí tionscadail bheaga go rialta i gcomhair comhoibrithe leis an domhan amuigh, m. sh. trí Thimpeallachtaí Foghlama Fíorúla nó wikis a úsáid.
	Eagrú & Cumarsáid	Tá seoladh ríomhphoist ag an scoil agus úsáidtear é i gcomhair leibhéil bhunúsacha chomhfhreagrais agus chumarsáide.	Bíonn méid áirithe cumarsáide trí ríomhphost nó trí theachtaireachtaí téacs ar siúl idir an scoil, an baile agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.	Baineann an scoil úsáid as TFC go rialta chun cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí, le tuismitheoirí, leis an mBord Bainistíochta agus leis an bpobal mórthimpeall. Tá nuachtlitir ríomhphoist ag an scoil.	Spreagann an scoil na tuismitheoirí agus an gnáthphobal chun TFC a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an scoil. Tá teacht ar líne ag múinteoirí, ag daltaí agus ag tuismitheoirí ar thaifead daltaí agus ar an amchlár.
Bonneagar TFC	Pleanáil i gcomhair Acmhainní a cheannach	Tá leibhéal pleánála bunúsach ann chun earraí TFC a cheannach.	Déantar méid áirithe pleanála chun earraí TFC a cheannach, caighdeánú trealamh TFC san áireamh, chomh maith le húsáid printéirí léasair agus ceannach le baránta.	Tá pleanáil soláthair agus caighdeánú trealamh TFC ar siúl. Cuirtear ríomhairí níos sine de láimh ar shlí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.	Tá cur chuige comhtháite i leith soláthair ann ina gcuirtear costais oibríochta iomlána an trealamh TFC agus soláthar tacaíochta teicniúla san áireamh.
	Líonra Achair Logánta agus Rochtain ar Leathanbhanda	Tá líonra ann i limistéirí áirithe den scoil. Tá nasc ag an scoil le Clár Leathanbhanda na Scoileanna. Tá teacht ar an idirlíon ar fáil trí Líonra Achair Logánta.	Tá mórchuid na ríomhairí agus na seomraí nasctha le líonra na scoile, agus ar an gcuma seo tá rochtain ar na hacmhainní arlíne agus ar an líonra á héascú.	Síneann líonra ardluais iontaofa chuig gach limistéar den scoil. Tá gach ríomhaire nasctha leis an líonra agus teacht á thabhairt aige ar acmhainní freastalaí ar líne agus orthu siúd atá bunaithe san ionad féin.	Tá teacht ar acmhainní ó fhreastalaí lárnach. Tá rochtain shábháilte ag gach múinteoir agus ag gach dalta ar spás freastalaí agus ar a ríomh-fhillteán tionscadail ón scoil féin agus go cianda.
	Tacaíocht Theicniúil	Tugtar tacaíocht theicniúil go mór mór trí chúnamh deonach. Tugtar pá do theicneoir anois is arís chun obair phráinneach a dhéanamh.	Tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag cuideachta ón taobh amuigh. Glaotar amach í de réir mar a bhíonn gá leis. Níl aon chonradh foirmiúil maidir leis an tacaíocht teicniúil ann.	Déantar fachtóir den tacaíocht theicniúil i bpleanáil soláthair. Tá baránta cuí ag an trealamh ar fad a cheannaítear. Tá conradh foirmeálta déanta i gcomhair tacaíochta teicniúla faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse le soláthraí ón taobh amuigh.	Déantar tacaíocht theicniúil a phleanáil agus a chomhtháthú i bpleanáil soláthar TFC agus cuirtear costais oibríochta iomlána TFC san áireamh.
	Bogearra agus Ábhar Digiteach	Tá acmhainní ríomh-fhoghlama teoranta ar fáil. Baintear úsáid as Scoilnet go rialta. Baintear leas as comhaontuithe lárnacha maidir le ceadúnais	Tá réimse acmhainní ríomh-fhoghlama cuí ag an scoil chun tacú le foghlaim ag gach leibhéal.	Tá teacht éasca ar ábhar cuí digiteach atá curtha i gcatalóg de réir ábhair/réimse churaclaim ag na múinteoirí.	Cruthaíonn an scoil a gcuid ábhar digiteach féinoiriúnaithe féin. Tá teacht air ón mbaile agus ón scoil.
	Trealamh TFC	Tá ríomhairí deisce i roinnt seomraí ranga. Tá ríomhaire glúine, teilgeoir iniompair, clódóir agus ceamara digiteach ar fáil mar acmhainní a roinntear.	Tá teilgeoirí digiteacha agus ríomhairí i gcuid de na seomraí. Baintear úsáid as trealamh forimeallach ar nós ceamairí digiteacha agus scanóirí i gcomhair gníomhaíochtaí ríomh-fhoghlama.	Tá teacht ag gach réimse foghlama ar réimse mór trealamh TFC ina n-áirítear teilgeoirí digiteacha agus ríomhairí taibléid a oibríonn gan sreang. Úsáidtear tralaithe ríomhaire glúine chun teacht ar acmhainní a dhéanamh níos éasca.	Tá teacht ag gach réimse foghlama ar réimse trealamh TFC. Déantar soláthar chun gléasanna soghluaiste na ndaltaí a chomhtháthú.
	Ceadúnú	Níl sé soiléir an bhfuil ceadúnas ceart ag gach bogearra a úsáidtear sa scoil.	Tá clár chun bogearra a cheadúnú á fhorbairt ag an scoil i gcomhair na bhfeidhmchlár atá suiteáilte ar threalamh na scoile.	Coimeádtar cuntas sa scoil ar cheadúnais do na bogearraí agus na feidhmchláir ar fad a úsáidtear ar fud na scoile.	Déanann an scoil deimhin de go bhfuil gach soláthar nua crua-earraí agus bogearraí de réir na gcaighdeán riachtanach ceadúnaithe.

©Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas. Gach ceart ar cosnamh. Níl cead aon chuid den Phlean Oibre r-Fhoghlama seo a chóipeáil, a atáirgeadh ná a chur ar fáil in aon tslí ar bith gan cead a fháil ón Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas roimh ré.